PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL NA CEALLA

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Suíomh

Is nód beag forbartha tuaithe cois cósta atá sna Cealla atá suite timpeall leath slí idir Gleann Beithe agus Cathair Saidhbhín. Tá an lonnaíocht suite 2.5km siar ón N70, timpeall 15km siar ó dheas ó Ghleann Beithe agus timpeall 13km soir ó thuaidh ó Chathair Saidhbhín. Tá an lonnaíocht dírithe ar Bhá na gCealla agus ceantar na trá.

Fig 1: Léarscáil láithreáin do Na Cealla

1.2 Daonra

Níl aon fhigiúirí ann do dhaonra lonnaíochta Na gCealla féin. Tá sé suite laistigh de Thoghroinn Chill Lonáin. Mhéadaigh an daonra sa Toghroinn seo idir 2002 agus 2006 ó 271 go dtí 273 duine. Tháinig laghdú air i ndaonáireamh 2011 go dtí 249 duine.

1.3 Feidhmeanna agus Áiseanna

Is é atá sna Cealla go bunúsach ná lonnaíocht beag cónaithe cois cósta le háiseanna teoranta. Tagann turasóirí chun na trá ann sa samhradh, ach níl aon áiseanna do thurasóirí sa tsráidbhaile. Is ar bhonn séasúrach a bhíonn cónaí ar dhaoine i mórán de na tithe.
Ceantar tuaithe atá sna Cealla le hard-dlús tithíochta scaipthe tuaithe. Níl aon tsráidbhaile ceart ann. Tá an siopa is cóngraí suite ar an N70 2km ó dheas. Tá Ionad Acmhainní Pobail suite i seanchoimpléacs an iarnróid ar a dtugtar acomhal na gCealla. Déanann an saoráid seo freastal ar an bpobal sna cúlchríocha máguaird. Soláthraíonn an

bá fothain sábháilte do líon mór árthach pléisiúir. Tá an-tóir ar Bhá na gCealla mar áit iascaireachta/slatiascaireachta.

1.4 Infreastruchtúr

Tá grúpscéim uisce ag soláthar uisce do Na Cealla. Níl aon ionad cóireála fuíolluisce sa tsráidbhaile agus níl plean ar bith ann maidir le ceann a thógáil.

1.5 Foirm Tógtha

Rinne an lonnaíocht forbairt ar dtús timpeall ar choimpléacs an gharda cósta agus is gráig de thithe scaipthe atá ann gan aon chroílár sainithe ná sráid-dreach. Go bunúsach tá gnéithe aiceanta na háite tar éis foirm na lonnaíochta a shocrú.

Fig 2: Foirm Tógtha

1.6 An Oidhreacht Tógtha agus Seandálaíochta

Níl aon Struchtúr atá faoi Chosaint taifeadta laistigh de limistéar an phlean atá beartaithe. Tá struchtúr amháin ann, áfach, ar chóir é a bheith áirithe ar Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint toisc é a bheith suntasach ó thaobh ailtireachta agus staire de.

Tá Séadchomhartha amháin taifeadta laistigh de cheantar an phlean. Cillín nó reilig leanaí atá anseo (Tag. KE062-002) atá suite idir seanfhoirgneamh an gharda cósta agus béal na farraige.

1.7 An Timpeallacht agus Taitneamhacht Nádúrtha

Tá trá Bhrataí Goirme sainithe ag an AE ag Bá na gCealla. Tá talamh maith timpeall na lonnaíochta agus tá crainn chun tosaigh sa tírdhreach ag teacht chun an tsráidbhaile ón N70.

Tá Na Cealla suite ar thalamh íseal ag ceann Bhá na gCealla, le chnoic ina thimpeall. Tugann iargúltacht agus muirdhreacha drámatúla agus radharcanna ar Bhá an Daingin agus ar Leithinis an Daingin, saintréith uathúil don gceantar. Tá an limistéar ó dheas den nód sainithe mar Limistéar Tánaisteach Taitneamhachta Speisialta, agus tá an limistéar soir agus siar ón mBá criosaithe mar Phíomhlimistéar Taitneamhachta Speisialta i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015. Tá SPA Leithinis Uíbh Ráthaigh cóngrach do Na Cealla agus é le hais an chósta.

1.8 Trácht Feithicleach agus Coisithe
Cruthaíonn trácht turasóireachta i gcaitheamh an tsamhraidh atmasféar gnóthach ach i gcaitheamh an gheimhridh is trácht áitiúil is mó a bhíonn ann toisc é a bheith iargúlta. Uaireanta bíonn fadhb le brú tráchta ar an mbóthar chun na trá i gcaitheamh an tsamhraidh.

1.9 Fás agus Forbairt Cónaithe
Tithíocht scaipthe aonuaire atá sa cheantar seo. Tharla an-chuid forbartha ribíneach ar na bóithre isteach ann thar na blianta agus thar na blianta bhí sé teoranta don taobh theas nó taobh na talún den bhóthar.

Déanann teorainn forbartha Na Cealla sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, méadú agus roinnt forbartha in aice le croílár na lonnaíochta atá in aice leis an bpáirc charbhán.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is í an fhís fhoriomlán do Na Cealla ná saintréithe an phatrúin sainiúil na lonnaíochta scaipthe seo a choimeád, an ceantar a chur chun cinn mar áit tharraingteach le cónaí ann agus le cuairt a thabhairt air, agus feabhas a chur ar an acmhainn turasóireachta.

Is nód lonnaíochta scaipthe cois cósta atá sna Cealla. Níl aon ionad cóireála fuíolluisce sa cheantar agus níl sé beartaithe ceann a thógáil. Leis an easpa áiseanna atá sa cheantar agus gan aon struchtúr sráidbhaile/lonnaíochta ann, leis an ngá atá ann tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht sna lonnaíochtaí atá ann, níl sé ar intinn lonnaíocht nua sráidbhaile a fhorbairt sna Cealla.

Is í an straitéis forbartha don nód lonnaíochta ná:

- A chinntiú go dtacaíonn forbairt sa todhchaí le ról agus le feidhm an nóid lonnaíochta mar nód beag turasóireachta agus go dtógfaí tógáil ceann de scála na lonnaíochta atá ann agus de shuíomh an nóid lonnaíochta i dtírdhreach tarraingteach tuaithe.

- A chinntiú go mbíonn aon fhorbairtí sa todhchaí tuisceanach ar shaintréithe an cheantair agus iad a bheith ar scála iomchuí. Ba chóir go spreagfaí forbairtí tráchtála a bheadh oscailte i gcaitheamh na bliana ar fad.

- Acmhainn iascaireachta agus slatiascaireachta an cheantair a chur chun cinn

- Ainmniú thrá Bhrataí Goirme Bhá na gCealla a choimeád

- Spreagadh a thabhairt d'éiceathurasóireacht inbhuanaithe agus margaí eile nideoige in éineacht le cur go hinbhuanaithe le saoráidí agus éagsúlacht turasóireachta, mar fhoinse fostaíocht.

3.0 SAINCHUSPÓIRÍ

Cuspóir Uimh.	**An Timpeallacht Nádúrtha** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
NE-1	Ainmniú thrá Bhrataí Goirme Bhá na gCealla a choimeád
NE-2	Ordú caomhnaithe crann a ullmhú do chrainn ar leith ar fud an nóid lonnaíochta agus spreagadh a thabhairt le níos mó crann a chur

Cuspóir Uimh.	**Infrastruchtúr agus Saoráidí Pobail** **Is cuspóir ag an gComhairle é:**
ICF-1	Éascú a dheánamh ar sholáthar inbhuanaithe ar leithreas poiblí sna Cealla cóngrach don charrchlós poiblí agus don trá ag suíomh oiriúnach.